
Pointí Luchtaithe do Charranna Leictreacha




EEochairfhocail: pointí luchtaithe, cáin, sáinnithe, easpa, carranna leictreacha
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh, labhairt

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cén áit i gcontae an Chláir a bhfuil easpa pointí luchtaithe do charranna leictreacha ann?
2. An bhfuil méadú nó ísliú tagtha ar líon na gcarranna leictreacha a díoladh in Éirinn i mbliana i gcomparáid le blianta eile?
3. Cén fhad atá i gceist le turas fillte sa charr idir Cill Chaoi agus Ceann Léime i gcontae an Chláir?
4. Cad a tharlaíon do thurasóirí uaireanta i rith an tséasúir turasóireachta ag Ceann Léime?
5. Cad atá á lorg ag Comhairle Contae an Chláir ón rialtas don cheantar timpeall ar Cheann Léime?
6. Cén cháin go sonrach a theastaíonn ó Chomhairle Contae an Chláir go n-úsáidfeadh an rialtas le cur leis na pointí luchtaithe timpeall an chontae?
7. Cén logainm a luann an tuairisceoir, Seán Ó Mainnín, ag deireadh na míre nuachta sin?
8. An dtaitníonn carranna leictreacha leat? Cén fáth?

Pointí Luchtaithe do Charranna Leictreacha



Gníomhaíocht Smaointeoireachta/labhartha:

Ag obair le do pháirtí ranga déanaigí plé ar na ceisteanna seo a leanas?


- An bhfuil carr leictreach nó carr peitril agat sa bhaile?
- Cad é an buntáiste is mó a bhaineann le carr leictreach, dar leat?
- Cad é an míbhuntáiste is mó a bhaineann le carr leictreach, dar leat?
- An bhfuil an carr leictreach go maith don timpeallacht? Cén fáth?
- An raibh tú riamh istigh i gcarr leictreach? Ar thug tú aon difríocht faoi deara idir a bheith ag taisteal sa charr leictreach seachas i ngnáthcharr?
- An gceapann tú go bhfuil carranna leictreacha róchostasach?
- Arbh fhearr leat carr leictreach seachas gnáthcharr a bheith agat amach anseo? Cén fáth?
- Cad é an carr is fearr leat? Cén fáth?

Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:

Aimsigh íomhá den saghas cairr is fearr leat ar líne agus déan cur síos ar an gcarr bunaithe ar an íomhá sin. Is leor 70 focal sa chur síos. Cabhróidh an stór focal seo a leanas leat.

Cruth álainn	Inneall an chairr
Each-chumhacht	Na rothaí
Búit an chairr	Roth stiúrtha

Pointí Luchtaithe do Charranna Leictreacha



Freagraí

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Iarthar an chontae.
2. Méadú 60%.
3. 50 ciliméadar.
4. Ritheann a gcarranna leictreacha amach as cumhacht/ bíonn siad sáinnithe de bharr easpa pointí luchtaithe sa cheantar.
5. Breis pointí luchtaithe.
6. An cháin chláraithe feithiclí.
7. Leithinis Cheann Léime/Ceann Léime.

